TUARASCÁIL BHLIANTÚIL
CHLÁR UM THOIRCHIS GHÉARCHÉIME
FSS,
2014

Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte
Health Service Executive

an clár um
thoirchis ghéarchéime

Clár na nÁbhar

Réamhrá

Helen Deely, Ceannasaí Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS

Cúlra agus Struchtúr Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS

Cuspóirí Straitéiseacha

Cuspóir Straitéiseach 1: Feabhsúcháin ar oideachas, faisnéis agus eolas maidir le sláinte ghnéis thar shaolré.

Cuspóir Straitéiseach 2: Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna

Cuspóir Straitéiseach 3: Seirbhísí um Thoirchis Ghéarchéime

Cuspóir Straitéiseach 4: Comhoibríocht straitéiseach agus tionchar beartais

Cuspóir Straitéiseach 5: Aistriú eolais agus taighde

Aguisíní

Réamhrá

Ó bunaíodh Clár um Thoirchis Ghéarchéime (CPP) an FSS tá bunachar fianaise láidir tógtha aige mar bhonn agus tá iarracht déanta cumas agus cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú, tionchar a imirt ar pholasaí agus ar chleachtas, agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun iompar agus torthaí sa tsláinte ghnéis a fheabhsú.

Fáiltíonn an Clár roimh an ísliú breise ar líon iomlán na mbreitheanna do dhéagóirí ó 3,087 in 2001 go 1,253 in 2014, laghdú 60% thar 13 bliana. Is ionann seo agus laghdú ar an ráta beireatais déagóirí in Éirinn, ó 20 an 1,000 bean in aois 15-19 in 2001 go 9.3 an 1,000 ban in aois 15-19 in 2014. Tháinig ardú beag ar an líon ban a thug seoladh in Éirinn ag clinicí ginmhillte ó 3,679 in 2013 go 3,735 in 2014. Tá an ráta ginmhillte socair áfach, ag 3.8 an 1,000 ban in aois 15-44. Cé is moite den ardú seo, ó bunaíodh an Clár in 2001 tháinig laghdú mór ar an líon agus an ráta ban a thug seoladh in Éirinn ag clinicí ginmhillte sa Ríocht Aontaithe ó 6,673 in 2001 (7.5 an 1,000) go 3,735 in 2014 (3.8 an 1,000).

Sholáthair an Clár plean suntasach gnó in 2014. Rinne an feidhmeannas Oideachais agus Faisnéise athfhorbairt ar a shuíomh gréasáin ar chaidrimh agus oideachas gnéasachta 'B4uDecide.ie', bunaithe ar thorthaí ar chomhairliúcháin le múinteoirí, oibrithe óige agus le daoine óga. Tá sé mar aidhm leis an suíomh gréasáin, an fhaisnéis ar fad a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu a thabhairt do dhaoine óga sula ndéanann siad aon chinneadh mór maidir le caidrimh agus gnéas. Tá naisc ar an suíomh gréasáin le hábhair acmhainne B4uDecide.ie a úsáidtear i scoileanna agus i suíomhanna obair óige ar fud na tíre. Anuas ar seo, d'fhorbair an Clár póstaer bolscaireachta, a scaipeadh ar na scoileanna go léir, le tacaíocht agus cúnamh ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus ar shuíomhanna obair óige via Foróige agus Comhairle Náisiúnta na nÓg. Thug breis is 100,000 duine óg cuairt ar B4uDecide.ie in 2014, ar ardú mór é ar 2013.

Lean feidhmeannas Taighde agus Beartais an Chláir lena chuid oibre leis an bhfoireann taighde chun an clár taighde Measúnú ar Riachtanais Sláinte Ghnéis agus Oideachas Gnéasachta do Dhaoine Óga faoi Chúram in Éirinn (SENYPIC) a sholáthar. Tá an taighde á déanamh faoi cheannas an Ollaimh Abbey Hyde, Scoil Altranais, Córais Chnáimhseachais agus Sláinte, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (COBÁC). Is é an taighde seo, an chéad taighde dá leithéid ag leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus úsáidfear na torthaí chun tacú le riachtanais daoine óga faoi chúram altrama nó faoi chúram cónaithe. I bpíosa taighde eile a cuireadh chun cinn in 2014 úsáideadh grúpaí fócais de thuismitheoirí chun na tosca a choisceann nó a chumasaíonn cumarsáid aoisoiriúnach faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás suas idir tuismitheoirí agus leanaí óga idir ceithre agus naoi mbliana d'aois. Is í an Dr. Catherine Conlon ó Choláiste na Tríonóide atá i gceannas ar an taighde seo agus táthar ag súil leis na torthaí in 2015. Aithníonn an Clár an ról tábhachtach atá ag tuismitheoirí maidir le hoideachas a thabhairt dá leanaí ar na topaicí seo, agus tá sé tiomanta go straitéiseach do thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí chun é seo a dhéanamh.

Lean feidhmeannas maoinithe an Chláir de thacú le soláthar comhairleoireachta pearsanta toircheas géarchéime agus seirbhísí iarghinmhillte i mbreis is 50

suíomh ar fud na tíre. Tá fócas ar leith leis an obair seo ar theagmháil leanúnach le soláthraithe seirbhísí chun an cháilíocht seirbhíse is airde dar féidir a bhuanú. I bPlean Straitéiseach an Chláir 2012-2016, tugtar geall, bearta nua cáilíochta a thabhairt isteach chun feabhas breise a chur ar raonta cáilíochta i gcóras na soláthraithe. Go sonrach, príomhghníomh straitéiseach is ea é Creat Cáilíochta Féinmheasúnaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena úsáid ag seirbhísí comhairleoireachta iarghinmhillte. Chuir an Clár forbairt 'Creat Cáilíochta Féinmheasúnaithe' chun cinn in 2014, agus tá sé le cur i bhfeidhm i ngach seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime in 2015.

Nuair a fhoilseofar in 2015 é, déanfaidh an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis foráil do chomhordú, comhtháthú agus forbhreathnú straitéiseach agus d'obair eile sa todhchaí agus forbrófar naisc níos fearr agus níos láidre idir eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí stáit agus neamhstáit -céim a bhfuil gá leis, agus cuirfear fáilte roimhe. Beidh Clár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS freagrach as ceannasaíocht a thabhairt maidir le cur i bhfeidhm fhormhór na ngníomhartha atá sa Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis.

Is cuid an-tábhachtach dár n-obair é an cur chuige comhoibritheach agus leanfaimid de chruthú comhpháirtíochtaí straitéiseacha idir seirbhísí gaolmhara a chothú, agus i gcásanna áirithe iad a thiomáint chun tosaigh, laistigh de struchtúir an FSS mar atá agus le comhpháirtithe i ngníomhaireachtaí seachtracha. Chun gníomhartha na straitéise a chur i bhfeidhm, teastaíonn fócas comhaontaithe ar fhorbairt seirbhísí, cumarsáid, comhpháirtíocht. taighde, agus measúnú, agus táimid ag tnúth go mór le leanúint de bheith ag obair go dlúth lenár gcomhpháirtithe uile.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Grúpa Comhairleach an Chláir, faoi chathaoirleacht an Dr. Anne Marie McGauran, a thug tacaíocht agus treoir luachmhar don fhoireann in 2014.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin le foireann an Chláir as plean seirbhíse uaillmhianach a sholáthar in 2014 agus as a gcuid dianoibre agus a dtiomantas don Chlár um Thoirchis Ghéarchéime.

Helen Deely

Helen Deely

Ceannasaí Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS

Cúlra agus Struchtúr Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS

Bunaíodh an Clár um Thoirchis Ghéarchéime (an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime roimhe sin) ar dtús i nDeireadh Fómhair 2001 faoin Acht Sláinte (Comhlachtaí Corpraithe), 1961, agus bhí sé á rialú faoi Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) Ordú 2001 (I.R. Uimh. 446 de 2001), arna leasú ag an nGníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime (Bunú) Ordú 2001 (leasú) Ordú 2007 (I.R. Uimh. 175 de 2007). In Eanáir 2010, athraíodh an iarghníomhaireacht go dtí Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) faoin Acht Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, lena bhforáiltear, inter alia, go ndílsítear go dleathach don FSS roinnt feidhmeanna tábhachtacha a dílsíodh roimhe sin don Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime.

Is clár náisiúnta é an Clár um Thoirchis Ghéarchéime (CPP), ar chuid den oifig náisiúnta um Chur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte, ar cuireadh na cúraimí ar iontaoibh orthu straitéis náisiúnta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun dul i ngleic le toirchis ghéarchéime in Éirinn. Folaíonn sé freisin comhordú na seirbhísí sláinte ghnéis chun feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar thionchar na seirbhísí agus na hoibre coiscthí i gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis atá le teacht.

Tuairiscíonn ceannasaí an Chláir don Stiúrthóir Cúnta Náisiúnta sa Rannán Sláinte agus Folláine agus is ball é den fhoireann bainistíochta le haghaidh Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte. Is í an fhoireann bainistíochta an fóram déanta cinntí le haghaidh Cur Chun Cinn agus Feabhsú Sláinte agus tugann sé ceannasaíocht straitéiseach, tacaíocht agus rialú láidir dár réimse cúraimí.

Foireann an Chláir

Bhí seachtar ball foirne ag an gClár in 2014:

Helen Deely	Ceannasaí an Chláir
Janice Donlon	Oifigeach Maoinithe
Patricia Wallace	Cléireach na gCuntas
Maeve O'Brien	Oifigeach Taighde agus Beartais
Orla McGowan	Oifigeach Oideachais agus Faisnéise
Róisín Guiry	Oifigeach Oideachais agus Faisnéise
Ray Madden	Oifigeach Cléireachais

Grúpa Comhairleach

I gcomhréir leis an Straitéis Náisiúnta um Rannpháirtíocht Úsáideoirí na Seirbhíse i Seirbhís Sláinte na hÉireann (2008), chinntigh an Clár go leanfaidh obair Choiste Comhairleoireachta an Chláir ar aghaidh leis an nGrúpa Comhairleach. Is é cuspóir an ghrúpa seo comhairle a thabhairt maidir le pleanáil, seachadadh agus athbhreithniú na seirbhísí agus na gclár a bhfuil baint acu le toirchis ghéarchéime.

Rinneadh Athbhreithniú ar bhallraíocht agus ar théarmaí tagartha an Ghrúpa Chomhairligh lena chinntiú go n-oireann siad do shainchúram an Chláir, ar cuid de anois é, comhordú seirbhísí sláinte ghnéis de réir na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis. Ní mór go dtabharfaí isteach leis an mballraíocht athbhreithnithe, daoine ar leith i réimse na sláinte gnéis, thar ceann páirtithe

leasmhara áirithe, chomh maith le daoine ar leith le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann seirbhísí comhairleoireachta toirchis ghéarchéime.

Chuathas i gcomhairle le gach ball reatha lena fháil amach ar theastaigh uathu fanacht mar bhaill den fhóram comhairleoireachta nua ar Thoirchis Ghéarchéime & Sláinte Ghnéis. Bheartaigh roinnt ball éirí as an nGrúpa Comhairleach. D'fhéadfaí ballraíocht, téarmaí tagartha agus clár bliantúil oibre an ghrúpa a athrú nuair a chuirfear an Straitéis Náisiúnta um Shláinte Ghnéis i bhfeidhm. Bhuail an grúpa le chéile faoi dhó in 2014. Tá liosta iomlán de bhaill an Ghrúpa Chomhairligh in Aguisín 1.

Sainorduithe Chlár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS

Is í an straitéis an mheicníocht trína mbaineann an Clár amach a chuid cuspóirí mar atá siad leagtha síos sa trí shainordú a sonraíodh san Ionstraim Reachtúil.

Sainordú 1: Laghdú ar an líon toirchis ghéarchéime trí oideachas, comhairle agus seirbhísí frithghiniúna a sholáthar.

Sainordú 2: Laghdú ar an líon ban i dtoirchis ghéarchéime a lorgaíonn ginmhilleadh trí sheirbhísí agus tacaíochtaí a thairiscint a mheallann iad le roghanna níos fearr a dhéanamh.

Sainordú 3: Seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí leighis a sholáthar chomh maith le seirbhísí eile a mheasann an Clár a bheith oiriúnach chun tacaíocht a thabhairt le linn toircheas géarchéime, má mheasann an Clár iad a bheith iomchuí.

Cuspóirí Straitéiseacha

Díríonn an Clár a chuid oibre ar chúig phríomhchuspóir.

1 Feabhsúcháin ar oideachas sláinte ghnéis, faisnéis agus eolas maidir le sláinte thar shaolré. Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéis agus caidrimh a fheabhsú trí fheachtais chumarsáide dhírithe, faisnéis oiriúnaithe agus cláir oideachais a sholáthar chomh maith le tionscnaimh eile thar raon suíomhanna.

2 Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna A chinntiú go bhfuil leibhéal ard feasachta ar fhrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna chun úsáid leanúnach agus cheart na frithghiniúna a mhéadú i ngach grúpa riosca.

3 Seirbhísí Toirchis Ghéarchéime Rochtain leanúnach ar chomhairleoireacht toircheas géarchéime d'ardcháilíocht a fheabhsú, chomh maith le seirbhísí iarghinmhillte agus fáil ar thacaíochtaí pobalbhunaithe iarbhreithe agus teaghlaigh.

4 Comhoibríocht straitéiseach agus tionchar polasaí. Forbairt ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú chun rannpháirtíocht, acmhainní agus comhthiomantas maidir le sláinte ghnéis in Éirinn a mhéadú agus toirchis ghéarchéime a laghdú.

5 Aistriú eolais agus taighde Bonn taighde ardchaighdeáin a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus an taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach um aistriú faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartas agus i gcleachtas..

Cuspóir Straitéiseach 1

Feabhsúcháin ar oideachas sláinte ghnéis, faisnéis agus eolas maidir le sláinte thar shaolré.Eolas agus feasacht ar shláinte ghnéis agus caidrimh a fheabhsú trí fheachtais chumarsáide dhírithe, faisnéis oiriúnaithe agus cláir oideachais a sholáthar chomh maith le tionscnaimh eile thar raon suíomhanna.

Ar na príomhghníomhartha in 2014 bhí:

Ábhair acmhainne B4uDecide.ie do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige

Is é ceann de na bacainní ar chur i bhfeidhm iomlán an Oideachais Caidrimh agus Gnéasachta (OCG) mar a d'aithin múinteoirí é ná easpa acmhainní. In 2014, scaipeadh thart ar 600 ábhar acmhainne B4uDecide.ie i measc múinteoirí agus thart ar 350 ábhar acmhainne d'oibrithe óige, don chuid is mó ba tríd an tSeirbhís Tacaíochta OSPS agus Comhairle na nÓg a scaipeadh iad agus trí orduithe ar healthpromotion.ie. I measc ábhair acmhainne B4uDecide.ie tá pleananna ceachtanna, póstaeir agus earraí bolscaireachta eile.

Seoladh suíomh gréasáin athfhorbartha B4uDecide.ie do dhéagóirí, tuismitheoirí, múinteoirí agus oibrithe óige

In 2014, bunaithe ar thorthaí ó chomhairliúcháin le múinteoirí, oibrithe óige agus daoine óga, rinne an Clár athfhorbairt ar shuíomh gréasáin B4uDecide.ie agus seoladh arís é. Ar B4udecide.ie tá gnéithe amhail agallaimh físeáin le daoine óga ina labhraíonn siad faoinar tharla dóibh agus insíonn tuismitheoirí sna déaga a bhfíorscéalta. Tá tráth na gceist nua air, agus pobalbhreitheanna, íoslódáileanna níos tapúla, agus faisnéis faoi chairdis shláintiúla a chothú, piarbhrú, bheith go maith ionat féin, agus na cúiseanna gur fearr fanacht sula mbíonn caidreamh gnéis agat, an aois toilithe, frithghiniúint, galair ghnéas-tarchurtha (GGT) agus toirchis ghéarchéime. Tá an suíomh gréasáin B4uDecide.ie nasctha le hábhair acmhainne do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige.

Chun an suíomh gréasáin athfhorbartha a chur chun cinn, d'fhorbair an Clár póstaer bolscaireachta agus fógra Facebook. Scaipeadh an póstaer ar na scoileanna go léir, le tacaíocht agus cúnamh ón Roinn Oideachais agus Scileanna, agus ar shuíomhanna obair óige via Foróige agus Comhairle Náisiúnta na nÓg. Thug breis is 100,000 duine óg cuairt ar B4uDecide.ie in 2014, ar ardú mór é ar 2013.



Suíomh gréasáin athfhorbartha B4uDecide.ie do dhaoine óga, múinteoirí agus oibrithe óige

Acmhainn TRUST do mhúinteoirí agus d'oibrithe óige

Scaipeadh thart faoi 90 cóip de TRUST (Talking Relationships Understanding Sexuality Teaching), acmhainn do shraith shinsearach an OCG, a d'fhorbair an Clár i gcomhpháirt leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, tríd an oiliúint don tsraith shinsearach OCG do mhúinteoirí a thugann Seirbhís Tacaíochta OSPS agus trí Chomhairle na nÓg go dtí eagraíochtaí óige.

Grafaic de shláinte ghnéasach agus atáirgthe: tionscadal píolótach.

Chuir an Clár maoiniú ar fáil don Chumann Pleanála Teaghlaigh (IFPA) agus VEID Éireann (arbh é SEIF Éireann (Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath roimhe seo) chun grafaic faisnéise ar oideachas gnéis a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thabharfaidh faisnéis shoiléir do dhaoine óga faoin mbaol dúbailte atá ann Galar Ghnéas-Tarchurtha (GGT) a phiocadh suas agus/nó a bheith i dToircheas Géarchéime. Tugann an grafaic faisnéise, treoracha ar furasta iad a leanúint maidir leis na roghanna atá ag duine óg má theipeann ar a rogha frithghiniúna agus/nó a chleachtais shábháilte ghnéis. Tugann sé bealaí soiléire i bhformáid inrochtaineach chun frithghiniúint éigeandála a fháil agus roghanna fadtéarmacha frithghiniúna in éineacht le tástáil GGT.

Úsáidfear seo ar bhonn píolótach le linn sheachtain Chomhairle agus Treoir Sláinte Ghnéis in 2015 agus úsáidfear é mar thaca don oideachas gnéasachta agus cláir shláinte atáirgthe a ritheann an Cumann Pleanála Teaghlaigh, VEID Éireann agus eagraíochtaí eile a fhaigheann maoiniú ón gClár.

Nuálaithe sóisialta óga

In 2014, lean an Clár ar aghaidh lena chomhpháirtíocht le clár na Nuálaithe Sóisialta Óga (NSÓ), mar urraithe agus bhreithimh ar dhámhachtain dhúshlánach 'Caidrimh agus Sláinte Ghnéis' . Chuir an Clár níos mó ná 200 pacáiste faisnéis sláinte ghnéis ar fáil do mhúinteoirí a bhí i láthair ag oiliúint inseirbhíse don NSÓ i Meán Fómhair. Bhí ionadaí ón gClár um Thoirchis Ghéarchéime ar an bpainéal ag Fóram Labhartha Amach Chathair Bhaile Átha Cliath agus ag an Sárthaispeántas Bliantúil.

Rinne an fhoireann an suíomh gréasáin B4uDecide.ie a chur chun cinn agus dháil siad ábhair bholscaireachta ag na hócáidí réigiúnacha labhartha amach agus ag an Sárthaispeántas. Rinne an fhoireann suirbhé freisin i measc 100 duine óga chun sonraí a bhailiú a thug forbhreathnú ar fheasacht na ndaoine óga faoin suíomh gréasáin B4uDecide.ie, agus an dteastódh uathu cuairt a thabhairt ar an suíomh, cén t-eolas ar mhaith leo a bheith ar an suíomh agus cár mhaith leo go gcuirfí chun cinn é. Thug an fhaisnéis seo treoir d'athfhorbairt an tsuímh B4uDecide.ie.

Bhí 20 tionscadal istigh ar an dámhachtain dhúshlánach 'Caidrimh agus Sláinte Ghnéis', méadú 10% ar 2012/2013. Bhuaigh Meánscoil Naomh Seosamh, Droichead Chaisleán Loiste, Co.An Iarmhí an dámhachtain dá dtionscadal dar teideal "It's not ok to say that's gay."

Acmhainní faisnéise do thuismitheoirí

Scaipeadh raon ábhar chun tacú le tuismitheoirí labhairt lena leanaí faoi chaidrimh agus faoi ghnéas trí Healthpromotion.ie, saorsheirbhís téacs an Chláir, agus ag imeachtaí in 2014, lena n-áirítear thart faoi:

- 8,600 tuismitheoir – *Tips for Talking to Older Teenagers*
- 3,500 DVD agus Leabhrán*You Can Talk To Me*
- 30,000 DVD agus Leabhrán *Busybodies*
- 1,700 DVD agus Leabhrán *The Facts*

Scaipeadh oideachais agus for-rochtana sláinte ghnéis

Tá an Clár tar éis ábhair éagsúla faisnéise agus oideachais a fhorbairt agus a chur ar fáil don phobal agus dóibh siúd a bhíonn ag plé le cosc agus bainistiú toirchis ghéarchéime ina gcuid oibre. Is é an príomh-mhodhcumarsáide agus scaipthe ábhair acmhainne an Chláir ná an suíomh gréasáin Healthpromotion.ie.

In 2014, scaipeadh thart faoi 343,000 de chomhábhair acmhainne an Chláir ar raon spriocghrúpaí tábhachtacha ag imeachtaí, comhdhálacha, gníomhaíochtaí ag cur na sláinte chun cinn agus ar Healthpromotion.ie. I measc na n-imeachtaí bhí: Comhdháil Threoirchomhairleoirí na hÉireann, comhdháil Aontas Múinteoirí Éireann, comhdháil Chumann na Meánmhúinteoirí, Éire, Dámhachtainí Mheáin na nÓg, comhdháil Aontas Cógaisíochta na hÉireann, Imeachtaí Obs agus Gynae, comhdháil Obair d'Ógra Éireann, Seachtain an Imeasctha Shóisialta, agus comhdháil na Comhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse.

Cláir Oiliúint don Oiliúnóir

Bhí raon tionscnaimh oiliúna d'oibrithe óige, tuismitheoirí agus daoine óga mar gheall ar chaidrimh agus sláinte ghnéis fós á maoiniú ag an gClár in 2014.

Oiliúint faoi chaidrimh agus sláinte ghnéis do thuismitheoirí (clúdach réigiúnach):

- Fuair an Chomhairle Náisiúnta Tuismitheoirí - Bunbhrainse maoiniú do sheachadadh 'Tuistiú: 'Tacú le do leanbh cairdis agus caidrimh shláintiúla a chothú' oiliúint do thuismitheoirí; d'fhreastail 615 thuismitheoir ar sheisiúin faisnéise agus oiliúna in 2014.
- Fuair an Cumann Pleanála Teaghlaigh maoiniú chun an clár 'Speakeasy' do thuismitheoirí a sheachadadh; rinne 91 tuismitheoir dianchúrsa oiliúna ocht seachtaine, a thosaigh i Samhain 2013 agus a chríochnaigh ag deireadh 2014.

Ar na cláir a bhí fós á maoiniú ag an gClár in 2014 bhí:

- Comhairle na nÓg as oiliúint 'Leave it til later' a sheachadadh, a thacaíonn le tionscnamh oideachais B4uDecide.ie an Chláir. Fuair Comhairle na nÓg maoiniú freisin as seisiúin oiliúna d'oibrithe óga a sheachadadh a thacaíonn leis an athbhreithniú agus leis an bhforbairt ar bheartais sláinte dá n-eagraíochtaí; d'fhreastail 41 oibrí óige ar an oiliúint in 2014.
- REAL U: Tugadh oiliúint maidir le hiniúchadh ar chaidrimh agus ar an saol do 148 oibrí óige in 2014.

Tionscnaimh oiliúna do dhaoine óga

Tugann an Clár maoiniú freisin do roinnt tionscnamh oiliúna atá dírithe ar dhaoine óga, Ina measc tá:

- Seirbhísí d'Aos Óg Bhaile Bhlainséir, Foróige, leis an Tionscnamh Sláinte do Dhéagóirí a sheachadadh d'fhir óga idir 13 agus 17 mbliana d'aois.
- Ionad na mBan, Leitir Ceanainn, Dún na nGall, as clár iomlánaíoch píolótach oideachais ar shláinte ghnéis agus ar fhorbairt phearsanta a sheachadadh do mhná óga a bhfuil an t-eisiamh sóisialta ag baint dóibh.
- Here2Help (Pact roimhe sin) as a gclár OCG a sheachadadh i scoileanna i mBaile Átha Cliath, an Cabhán agus Cill Mhantáin.
- 'Real Deal' clár oiliúna piarthreoraithe san oideachas gnéis do luathfhágálaithe scoile nó dóibhsan a bhfuil baol ann go bhfágfaidh siad an scoil go luath i gCúige Laighean agus i Maigh Eo.
- Ionad Sláinte Ghnéis, Corcaigh, do thionscnamh gluaiseacht pobail a bhaineann le hoideachas faoi chaidrimh agus sláinte ghnéis do dhaoine óga i suíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta oideachais.
- Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt, Ciarraí, 'Getting Real', clár forbartha pearsanta d'ógánaigh atá i mbaol an scoil a fhágáil go luath nó ar luathfhágálaithe scoile iad, a sheachadadh.

Caiféanna sláinte óige agus seirbhísí bainteacha

In 2014, lean an Clár de mhaoiniú a thabhairt do sheachadadh trí chaifé óige, lena n-áirítear Zone Youth Health Café, Baile Bhlainséir, the Exit Youth Health Café, Tamhlacht, agus an Squashy Couch Adolescent Health and Information Project, Port Láirge. Chomh maith le spás fáilteach a sholáthar do dhaoine óga, dearadh na tionscadail seo chun teagmháil le déagóirí atá i mbaol toirchis ghéarchéime agus chun deiseanna a thabhairt dóibh oideachas faoi chaidrimh agus sláinte ghnéis a fháil. Is é an spriocghrúpa do na caiféanna seo ná 14-19 mbliana d'aois; d'úsáid thart faoi 3,000 ógánach na seirbhísí seo go rialta in 2014.

Crisispregnancy.ie

Tugann Crisispregnancy.ie faisnéis agus taighde ábhartha i bhformáid inrochtaineach do raon gairmithe sláinte, oideachasóirí agus taighdeoirí a thugann cuairt ar an suíomh gréasáin. Tugadh thart faoi 16,000 cuairt ar an suíomh in 2014.

Caidreamh poiblí agus leis na meáin

In 2014, d'eisigh an Clár roinnt preaseisiúintí maidir le soláthar seirbhísí, for-rochtain oideachais, oideachas faoi chaidrimh agus gnéas, agus staitisticí tábhachtacha agus d'fhreagair ceisteanna rialta na meán i gcomhpháirt le preasoifig an FSS. Chuir an Clár ailt isteach go rialta i bhfoilseacháin a bhain le cúrsaí sláinte amhail iris *Health Matters* an FSS agus *Health Promotion Sexual Health News* an FSS.

R-nuachtlitir

Is é an aidhm leis an r-nuachtlitir síntiúsóirí a choinneáil suas chun dáta le tuairiscí ábhartha taighde, tionscnaimh sláinte ghnéis, oiliúint agus imeachtaí. D'eisigh an Clár ceithre r-nuachtlitir in 2014.

Cuspóir Straitéiseach 2

Frithghiniúint agus seirbhísí frithghiniúna. A chinntiú go bhfuil leibhéal ard feasachta ar fhrithghiniúint agus ar sheirbhísí frithghiniúna chun úsáid leanúnach agus cheart na frithghiniúna a mhéadú i ngach grúpa riosca.

Ar na príomhghníomhartha in 2014 bhí:

'Relax – Johnny's got you covered'

Lean an Clár dá chéim nua dá fheachtas Smaoinigh ar Fhrithghiniúint a chur amach chun daoine óga atá gníomhach go gnéasach a spreagadh chun coiscíní a úsáid. Díríonn an chéim seo den fheachtas ar fhrithghiniúint agus ar Ghalair Ghnéas-Tarchurtha (GGT). San fheachtas seo léirítear carachtar darbh ainm Johnny a chabhraíonn le teachtaireacht an fheachtais a chur in iúl go spraíúil. Molann Johnny d'fhir atá gníomhach go gnéasach agus do mhná óga nach dteastaíonn uathu a bheith torrach, an gnéas a phleanáil agus coiscíní a úsáid i gcónaí chun iad féin a chosaint ar thoircheas gan choinne agus ar GGT.

De réir taighde neamhspleách margaidh, bhí 78% den spriocghrúpa ar an eolas faoin bhfeachtas nua 'Johnny's got you covered' in 2014. Bhí Johnny i láthair ag roinnt imeachtaí don phobal agus do mhic léinn agus ag féilte i rith an tsamhraidh agus an fhómhair. Bhí an-tarraingt ar chuntas Twitter Johnny (@thinkjohnny) agus ar a leathanach Facebook in 2014, agus rinne breis is 46,000 duine 'is maith liom' ar an leathanach.

In 2014, bhí thart ar 130,000 cuairt ar Thinkcontraception.ie, agus scaipeadh thart ar 68,000 leabhrán Think Contraception.

Úsáideadh *'Relax – Johnny's got you covered'* i seomraí níocháin sna coláistí.

Is é aidhm uileghabhálach an chláir oideachais for-rochtana freagracht, pleanáil agus cúram níos fearr maidir le sláinte ghnéis a chur chun cinn. Tríd an gclár a

chur i láthair ag féilte, ceolchoirmeacha, tithe tábhairne, clubanna agus coláistí, tá sé mar aidhm againn go mbeidh daoine óga níos compordaí le ceisteanna maidir le sláinte ghnéis agus iad a chumasú chun an fhrithghiniúint a phleanáil, a phlé agus a úsáid. Is tábhachtaí seachadadh na dteachtaireachtaí sláinte ná an ghníomhaíocht samplaithe. Spreagtar i gcónaí an spriocghrúpa cuairt a thabhairt ar shuíomh gréasáin thinkcontraception.ie i ndiaidh imeachtaí chun faisnéis níos mó a fháil.

Comhpháirtíocht le hAontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)

Sheol Aontas na Mac Léinn (USI) agus an Clár seachtain SHAG (Comhairle agus Treoir Sláinte Ghnéis) ag Coláiste Náisiúnta na hÉireann in 2014. Thacaigh an Clár le seó bóthair SHAG lena móibíl Johnny agus a fhoireann dáilte coiscíní. Ba é aidhm thionscnamh an tseó bóthair, mic léinn a chur ar an eolas faoi shláinte ghnéis agus iadsan atá gníomhach go gnéasach a spreagadh chun gnéas taitneamhach, comhthoiliúil, agus níos sábháilte a bheith acu. Cuireadh seachtain SHAG 2014 ar siúl i gColáiste Náisiúnta na hÉireann, IT Cheatharlaigh, IT na Gaillimhe agus Mhaigh Eo agus IT Dhún Dealgan, Dháil foireann Think níos mó ná 5,000 pacáiste cosanta (ina raibh coiscín agus faisnéis sláinte ghnéis).

Seachtain bhliantúil oiliúna Aontas na Mac Léinn

D'fhorbair agus d'éascaigh an Clár oiliúint ar thopaic na sláinte gnéis d'Oifigigh Leasa na Mac Léinn sna coláistí atá ceangailte le hAontas na Mac Léinn in Éirinn. Ba é ab aidhm don oiliúint an t-eolas ar shláinte ghnéis iomlánaíoch a mhéadú agus deis phraiticiúil a chur ar fáil d'Oifigigh Leasa ransú smaointe a dhéanamh chun tionscnamh sláinte ghnéis a fhorbairt ina gcoláiste féin.

Féilte agus ceolchoirmeacha

Dháil an fhoireann 'Think Contraception' pacaí cosanta agus greamáin 'Think Contraception' ar aosaigh óga ag roinnt imeachtaí: Laethanta Ráis Mhac Léinn, Cats Laughs, Cill Chainnigh; Forbidden Fruit, Baile Átha Cliath; Sea Sessions, Dún na nGall; ceolchoirm Kanye West agus Pharrel, Baile Átha Cliath; ceolchoirm Macklemore, Baile Átha Cliath; Knockanstockan, Cill Mhantáin; Indiependence, Corcaigh; Castlepalooza, Uíbh Fháilí; agus Electric Picnic, Laois. Príomhghné de na gníomhaíochtaí ag na féilte agus ceolchoirmeacha ab ea móibíl Johnny – rothar a dtroitheánaíonn roinnt daoine é agus é brandáilte le 'Johnny's got you covered' **.** Meallann sé an spriocghrúpa leis an bpríomhtheachtaireacht 'Think Contraception'. Is féidir úsáid a bhaint as freisin chun síoba gearra timpeall limistéar na féile a chur ar fáil, rud a laghdaíonn na bearnaí iompair ag imeachtaí, agus is féidir úsáid a bhaint as freisin chun lucht freastail féilte a thógáil ó áit go háit ar an láithreán. Cuireann an ghníomhaíocht seo an teachtaireacht 'Relax – Johnny's got you covered' chun cinn leis. Dháil an fhoireann 31,500 pacáiste cosanta idir Aibreán agus Lúnasa 2014.

Tithe tábhairne agus clubanna

Dháil foireann Think pacáistí cosanta freisin thar dheirí seachtaine saoire bhainc gnóthacha lasmuigh de thithe tábhairne agus clubanna i nGaillimh, Corcaigh, Cill Chainnigh agus Baile Átha Cliath. Chuir an Clár tionscnamh nua ar bun i dtithe tábhairne agus i gclubanna idir Samhain agus mí na Nollag 2014 - both siútála brandáilte le 'Johnny's got you covered' mar ar féidir le daoine gléasadh suas

mar an carachtar Johnny, dul i dteagmháil leis an teachtaireacht faoi ghnéas níos sábháilte i dtimpeallacht spraíúil agus grianghraif brandáilte le 'Johnny's got you covered' a thabhairt abhaile leo, lena ndírítear iad go dtí thinkcontraception.ie le haghaidh faisnéis bhreise ar shláinte ghnéis agus gnéas níos sábháilte. Dháil foireann Think níos mó ná 20,500 pacáiste cosanta idir Deireadh Fómhair agus mí na Nollag 2014.

Daoine nach Náisiúnaigh Éireannacha iad

Lean an Clár lena chomhpháirtíocht le Comhaontas SEIF Éireann (SEIF Bhaile Átha Cliath roimhe seo) chun pacaí cosanta 'Think Contraception' a dháileadh ar dhaoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad. Dáileadh na pacaí cosanta trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear trí sheirbhís tar isteach, trí sheirbhís for-rochtana sráide, trí chlinic mhíosúil VEID agus GGT ag imeachtaí eitneacha ar leith. Dáileadh thart faoi 18,000 pacáiste cosanta idir Eanáir agus Bealtaine 2014. Dáileadh breis is 10,000 pacáiste cosanta ar VEID Éireann i nDeireadh Fómhair 2014 le go leanfaidís lena gcuid oibre in 2015 agus le go leathnóidís go suíomhanna for-rochtana eile lasmuigh de chathair Bhaile Átha Cliath.

Frithghiniúint 35+

Clúdaítear sa bhileog eolais Frithghiniúint 35+ raon níos leithne ábhar a bhaineann le mná atá sna tríochaidí, sna daichidí agus sna caogaidí, lena n-áirítear roghanna frithghiniúna, torthúlacht tar éis breith clainne, cothú cíche agus frithghiniúint, an tréimhse timpeall an mheanapáis agus an meanapás, toircheas, frithghiniúint éigeandála agus GGTnna. Ordaíonn ospidéil mháithreachais, liachleachtóirí agus cógaiseoirí an bileog eolais, atá dírithe ar mhná 35+, tríd an suíomh Gréasáin Healthpromotion.ie. In 2014, dáileadh thart ar 44,000 bileog.

Seirbhísí frithghiniúna

In 2014, lean an Clár de bheith ag obair le roinnt sainseirbhísí tacaíochta frithghiniúna agus soláthraithe faisnéise frithghiniúna. Ina measc tá:

- AkiDwA, ar mhaithe le sraith ceardlann a chur ar siúl faoi shláinte ghnéis agus atáirgthe do mhná is imircigh agus ar mhaithe leis na mná sin a chur i dteagmháil le seirbhísí áitiúla cuí – seirbhísí frithghiniúna agus seirbhísí toircheas géarchéime ina measc – ar bhealach a bhí measúil, a bhí eolach agus a bhí cuí ó thaobh cúrsaí cultúrtha de.
- Ionad Ban Leitir Ceanainn, Dún na nGall, do 'iLASH', clinic sláinte na mban.
- An tSeirbhís Sláinte Óige (SSÓ), ar mhaithe le seirbhísí pleanála teaghlaigh a chur ar fáil do dhaoine óga atá faoi bhun 21 bliain d'aois.
- An tIonad Sláinte Ghnéis, Corcaigh, le haghaidh seirbhís buail isteach um fhaisnéis agus tacaíocht sláinte ghnéis mar chuid de mhórthionscadal um shláinte a chur chun cinn.

Cuspóir Straitéiseach 3

Seirbhísí Toirchis Ghéarchéime Rochtain leanúnach ar chomhairleoireacht toircheas géarchéime d'ardcháilíocht a fheabhsú comh maith le seirbhísí iarghinmhillte agus fáil ar thacaíochtaí pobalbhunaithe iarbhreithe agus teaghlaigh.

Ar na príomhghníomhartha in 2014 bhí:

Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime agus Iar-Ghinmhillte

Bhí sé fós ina thosaíocht in 2014 go dtacódh an Clár le seirbhísí comhairleoireachta agus leighis toircheas géarchéime agus iar-ghinmhillte a chur ar fáil saor in aisce. Maoiníonn an Clár raon múnlaí éagsúla um sholáthar seirbhísí ar fud roinnt suíomhanna agus láithreacha. Is gá rochtain a bheith ann ar sheirbhísí comhairleoireachta i réimse an toirchis géarchéime. Tugann an Clár maoiniú do 15 sholáthraí seirbhísí faoi láthair chun seirbhísí comhairleoireachta a chur ar fáil i mbreis agus 50 láthair ar fud na tíre. Cuireann ocht gcinn de na seirbhísí sin scrúduithe sláinte iarghinmhillte ar fáil saor in aisce freisin.

Soláthraithe seirbhísí scrúduithe sláinte in 2014

Seirbhís Tacaíochta Toircheas Géarchéime, Béal Átha na Sluaighe
Ionad Sláinte na mBan, Bré*
Clinic Pleanála Teaghlaigh Chorcaí (scrúduithe sláinte iarghinmhillte saor in aisce amháin)
CURA
Clinic Femplus, Baile Átha Cliath*
Here2Help, Baile Átha Cliath agus an Cabhán
Cumann Pleanála Teaghlaigh na hÉireann*
Seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime Chiarraí*
Seirbhís Cúram Toircheas Life
Clinic Pleanála Teaghlaigh Luimnigh (scrúduithe sláinte iarghinmhillte saor in aisce amháin)
Seirbhís Tacaíochta Toircheas Géarchéime Mhaigh Eo
Seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime Lár Tíre*
One Family, Baile Átha Cliath
An tIonad Sláinte Gnéasaí, Corcaigh*
Ionad Dea-Shláinte na mBan, Baile Átha Cliath*
Seirbhís Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime Iarthar Chorcaí*
An tIonad Sláinte Óige, Corcaigh*
*Faigheann na seirbhísí seo deontais chun scrúduithe sláinte iarghinmhillte a chur ar fáil freisin.

Roghanna Dearfacha

Leagann an feachtas 'Roghanna Dearfacha' béim ar an bhfíric go mbíonn dea-chluas éisteachta ar fáil i gcónaí le linn toircheas géarchéime. Is é teachtaireacht an fheachtais ná 'go mbíonn sé cabhrach labhairt le comhairleoir'. In 2014 d'fhorbair an Clár fógra nua raidió 'Roghanna Dearfacha' chun béim níos mó a chur ar sheirbhís comhairleoireacht toircheas géarchéime.

In 2014, bhí 62% den spriocphobal eolach ar an bhfeachtas 'Roghanna Dearfacha' agus ar an teachtaireacht 'go mbíonn sé cabhrach labhairt le comhairleoir'. Chuir an Clár póstaeir agus bileoga 'Roghanna Dearfacha' ar taispeáint i lialanna dochtúirí ginearálta ar fud na tíre. Rinneadh thart ar20,000 bileog 'Roghanna Dearfacha' agus 42,000 cárta tiachóige 'Roghanna Dearfacha' a leithdháileadh go díreach ar mhná, go príomha trí lialanna dochtúirí ginearálta, i málaí féiríní Mhionmharatón na mBan.

Tugadh thart faoi 53,000 cuairt ar an suíomh Positiveoptions.ie.

Póstaer Roghanna Dearfacha i seomraí níocháin i lialanna dochtúirí ginearálta ar fud na tíre.

Iarchúram Ginmhillte

Fógraíonn an feachtas 'Iarchúram Ginmhillte' na seirbhísí leighis agus comhairleoireacht iarghinmhillte atá ar fáil saor in aisce do mhná in Éirinn. Tugadh thart faoi 9,300 cuairt ar an suíomh Abortionaftercare.ie in 2014. Dháil an Clár thart ar 2,600 bileog 'Iarchúram Ginmhillte' trí Healthpromotion.ie, ar dhochtúirí ginearálta agus ar chlinicí ginmhillte san RA.

Maoirseacht agus Oiliúint (Forbairt Ghairmiúil Leanúnach - (CPD))

Lean an Clár de bheith ag tacú le seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime a chur ar fáil ar bhonn duine le duine, thacaigh an Clár freisin le seirbhísí tuilleadh scileanna a ghnóthú agus feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí mhaoirseacht agus oiliúint leanúnach. Oibríonn an Clár leis na soláthraithe seirbhísí ar fad chun an cháilíocht seirbhíse is airde dar féidir a bhuanú. Is léir sin ón mhaoiniú a chuirtear ar fáil go díreach do sholáthraithe seirbhísí chun cabhrú leo le hoiliúint leanúnach agus Forbairt Ghairmiúil Leanúnach agus maoirseacht (inmheánach agus sheachtrach) dóibh siúd a chuireann comhairleoireacht toircheas géarchéime agus seirbhísí gaolmhara ar fáil.

Cúrsa teastais i scileanna comhairleoireacht toircheas géarchéime

Is í an Roinn um Oideachas Aosach agus Pobail, Ollscoil Éireann, Má Nuad, a reáchtálann an Teastas i Scileanna Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime. Faigheann an Teastas maoiniú ón gClár. Rinne sé dhuine dhéag, idir bhaill foirne FSS agus chomhairleoirí toircheas géarchéime, an cúrsa bliana scilbhunaithe seo, a bhfuil sé mar aidhm leis, scileanna comhairleoireachta agus tacaíochta sa réimse comhairleoireachta ar leith seo a fheabhsú agus caighdeáin dea-chleachtais a leagan síos sa réimse. Éascaíonn struchtúr an chúrsa líonrú agus comhroinnt foghlama, rud a chuireann feabhas ar sheachadadh seirbhísí. Thosaigh cúrsa nua i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Máistir-ranganna chun 'Tacú le Toircheas Neamhphleanáilte'

Is é aidhm na máistir-ranganna seo deis a thabhairt do ghairmithe eolas agus scileanna níos doimhne a ghnóthú d'fhonn cur ar a gcumas déileáil leis na dúshláin a bhaineann le tacaíocht a thabhairt do mhná, dá bpáirtnéirí agus dá dteaghlaigh i gcás toircheas neamhphleanáilte. Is i spás faisnéiseach tacúil a chuirtear na máistir-ranganna ar siúl, áit a n-éascaítear comhrá agus machnamh ar mhaithe le hobair na ngairmithe a neartú i réimse leathan an toirchis ghéarchéime. Bhain tábhacht ar leith leosan do ghairmithe sláinte, do dhochtúirí ginearálta, do mhúinteoirí, d'oibrithe óige agus do dhaoine eile a bhíonn ag bualadh le daoine le linn a gcuid oibre atá nó a bhí ag plé le toircheas neamhphleanáilte. Cuireann na máistir-ranganna tuilleadh le hobair an Chláir maidir le cáilíocht agus caighdeáin a fhorbairt. Cuireadh máistir-ranganna ar siúl in Oll.É Má Nuad agus i gCorcaigh.

Chlúdaigh na máistir-ranganna in 2014 na topaicí seo a leanas:

Máistir-rang 1:	An Dlí agus Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime (Cathair Chorcaí)
Máistir-rang 2:	Ardscileanna Comhairleoireachta (Cathair Chorcaí)
Máistir-rang 3:	Ginmhilleadh: Déileáil le Saincheisteanna Casta (Má Nuad)
Máistir-rang 4:	Ginmhilleadh: Déileáil le Saincheisteanna Casta (Cathair Chorcaí)
Máistir-rang 5:	An Dlí agus Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime (Má Nuad)
Máistir-rang 6:	Ardscileanna Comhairleoireachta (Má Nuad)

Gairmithe sláinte a bhí i mbreis agus 130 de na daoine a d'fhreastail ar na máistir-ranganna sin in 2014. Cuirfear tuilleadh máistir-ranganna ar siúl in 2015, a bhaineann le réimsí atá ábhartha do ghairmithe sláinte a oibríonn sa réimse seo.

Comhairleoireacht toircheas géarchéime agus seirbhísí comhairleoireachta iar-ghinmhillte

Leagadh síos i Straitéis Náisiúnta an Chláir 2012–2016 creat féinmheasúnaithe a fhorbairt do na seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime. I gcaitheamh 2014, cuireadh roinnt comhairliúchán ar siúl leis na páirtithe leasmhara ábhartha, a thug treoir d'fhorbairt tacar caighdeán cáilíochta i seirbhísí

comhairleoireachta toircheas géarchéime agus iarghinmhillte faoi cheannas coiste stiúrtha.

Dearadh na caighdeáin i gcomhréir leis na Caighdeáin Náisiúnta um Chúram Sláinte Níos Sábháilte agus Níos Fearr (an tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte) agus tá 8 dtéama iontu atá briste síos i 28 eilimint riachtanacha.

Tá ceithre leibhéal incriminteacha cáilíochta le haghaidh gach caighdeáin agus ag gach leibhéal tá tacar nodanna treoracha lena dtugtar cabhair do sheirbhís maidir lena leibhéal cáilíochta.

- Feabhas Éiritheach (FE)
- Feabhas Leanúnach (FL)
- Feabhas Buanaithe (FB)
- Sármhaitheas (S)

Déantar iarracht leis an gcreat seo, scála tagartha a bhunú a mbeidh soláthraí in ann a stádas reatha a dhéanamh amach ó na príomhtháscairí caighdeán cáilíochta, cabhróidh sé sin leis an tseirbhís, bearta chun cáilíocht a fheabhsú a aithint, bearta a d'fhéadfadh gá a bheith leo chun dul i ngleic le heasnaimh a aithnítear le linn an phróisis mheasúnaithe chun go mbeifear in ann na caighdeáin a chur i bhfeidhm ina n-iomláine.

Cuirfear an creat féinmheasúnaithe seo i bhfeidhm ar feadh 2015 ar fad, i ngach seirbhís mhaoinithe comhairleoireachta toircheas géarchéime le cabhair ón gClár. Tá leagan ar líne den ghléas measúnaithe nach mór críochnaithe agus cuirfidh sé seo ar a gcumas don tseirbhís mhaoinithe agus don chlár aon dul chun cinn a leanúint tríd na caighdeáin sin.

Lean an Clár de thacaíocht a thabhairt do raon tionscadal agus seirbhísí eile agus é de chuspóir go gcuirfí chun cinn an soláthar tacaíochtaí pobalbhunaithe iarbhreithe agus teaghlach, mar a leanas:

Seirbhísí faisnéise agus oiliúna do thuismitheoirí

Lean an Clár de thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí náisiúnta faisnéise One Family agus Treoir, do theaghlaigh aontuismitheora agus do thuismitheoirí neamhphósta. Dhéileáil na seirbhísí sin le breis agus 6,000 ceist a cuireadh ar a

línte faisnéise in 2014, mar aon le tacaí faisnéise for-rochtana a chur ar fáil ar bhonn duine le duine. Thuairiscigh an dá sheirbhís méadú ar líon na gcliant a chuir ceisteanna a bhain le cruachás airgeadais agus mórán ceisteanna eile. Tugann an Clár tacaíocht freisin don tseirbhís oiliúna agus oideachais d'aosaigh de chuid One Family, a sholáthraíonn cláir oiliúna agus mheantóireachta, i measc seirbhísí eile, do thuismitheoirí.

Tacaí praiticiúla eile a thugtar do thuismitheoirí ar bhonn duine le duine

Lean an Clár ar aghaidh le tacaíocht a thabhairt do sheirbhís náisiúnta tacaíochta CURA le haghaidh máithreacha agus aithreacha nua. Tugann an tseirbhís leantach seo tacaíocht phearsanta agus mhothúchánach do thuismitheoirí nua, chomh maith le cabhair agus faisnéis phraiticiúil. Tá an tseirbhís ar fáil do sheantuismitheoirí agus do chaomhnóirí freisin.

Cuireann an Clár maoiniú breise ar fáil do roinnt seirbhísí comhairleoireachta toircheas géarchéime chun tacaí breise a sholáthar dóibh siúd a bhain toircheas géarchéime dóibh agus atá ag tuistiú.

Acmhainní faisnéise

Mhaoinigh an Clár forbairt agus nuashonrú roinnt acmhainní in 2014, lenar áiríodh 'Paca Eolais do Thuismitheoirí Neamhphósta' ó Threoir, a scaiptear ar ghairmithe cúram sláinte agus ar thuismitheoirí neamhphósta. Tugtar faisnéis úsáideach sa Phaca maidir le ceisteanna tábhachtacha don spriocphobal, amhail na cearta atá ag tuismitheoirí atá in aontíos agus na dualgais atá orthu agus faisnéis faoi chaomhnóireacht, faoi rochtain agus faoi chomhthuismitheoireacht. Tugtar faisnéis ábhartha ann freisin do thuismitheoirí neamhphósta faoi cheisteanna eile dlí agus airgeadais, agus tá rannáin ann a bhaineann le deiseanna oideachais agus oiliúna. Tá rannán 'Teagmhálaithe Úsáideacha' do dhaoine agus do ghairmithe sláinte a bhféadfadh tacaíocht agus faisnéis bhreise a bheith ag teastáil uathu.

Seirbhísí leanúnacha a thacaíonn le leanúint ar aghaidh le toircheas

Chomh maith leis na seirbhísí samplacha atá leagtha amach, lean an Clár ar aghaidh le raon leathan tionscadal a mhaoiniú, tionscadail a chuireann tacaíocht, oiliúint agus faisnéis ar fáil do thuismitheoirí nua nó tuismitheoirí atá ag súil le breith ar fud na tíre lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Clár City Slickers, Luimneach – Grúpa tacaíochta tuismitheoireachta do thuismitheoirí óga a chónaíonn i gCathair Luimnigh nó sa cheantar máguaird agus atá eisiata go sóisialta nó atá i mbaol eisiamh sóisialta, agus é ag díriú orthu siúd atá i mbaol dara toircheas géarchéime nó toircheas géarchéime eile. Is í Comhairle Seirbhísí Sóisialta Luimnigh a sholáthraíonn an Clár i gcomhar leis an gClár Tacaíochta do Thuismitheoirí sna Déaga, Luimneach.
- 'Tús Áite do Thuismitheoirí' – Clár oideachais tuismitheoireachta do thuismitheoirí céaduaire agus do thuismitheoirí a bhraitheann nach mbíonn go leor tacaíochta dóibh de bharr míbhuntáiste geografach nó sóisialta. Reáchtáiltear obair ghrúpa, ceardlanna agus seisiúin faisnéise agus tacaíochta duine le duine. Is trí Ionad Comhairleoireachta an Iardheiscirt a sholáthraítear an Clár do thuismitheoirí i gContae Chiarraí.

- Comhordaitheoir do Mhic Léinn is Tuismitheoirí i gColáiste Mhuire Gan Smál, Luimneach, a thugann faisnéis agus tacaíocht do mhic léinn/tuismitheoirí atá ag súil le breith.
- Seirbhís ghearrthéarmach comhairleoireachta agus altramais do mháithreacha atá ag smaoineamh ar leanbh a thabhairt suas chun uchtála. Is é Cúnamh, Baile Átha Cliath, a sholáthraíonn an tseirbhís.
- Tacaí sláinte ghnéis agus tuismitheoireachta do mháithreacha lena mbaineann ardriosca agus a úsáideann seirbhísí cóiríochta faoi thacaíocht a bhíonn á soláthar ag Ionad Bessborough, Corcaigh.
- Raon acmhainní úsáideacha agus taighde gaolmhar ó Treoir, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá Leanaí.

Iniúchadh ar na seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime a chuireann gníomhaireachtaí an FSS nó arna maoiniú ag an FSS ar fáil.

I mí na Nollag 2014, d'fhoilsigh an FSS tuarascáil iniúchóra ar na seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime a chuireann gníomhaireachtaí arna maoiniú ag an FSS ar fáil. Rinneadh an t-iniúchadh tar éis do líomhaintí, maidir le cleachtais chomhairleoireacht toircheas géarchéime, a d'eascair as cuairt a thug grúpa ban ar roinnt seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime agus iad ag ligean orthu gur fhíorchliaint iad ach go ndearna siad na seisiúin chomhairleoireachta a thaifead agus thug na taifid sin don *Irish Independent*.

San alt a scríobhadh, cuireadh i leith na gcomhairleoirí gur thug siad faisnéis mhíchuí maidir le teacht ar phiolla ginmhillte agus go raibh comhairle mhíchuí do mhná nach raibh orthu a nochtadh do ghairmí leighis go raibh ginmhilleadh acu, dá mbeadh gá acu le cúnamh leighis iarghinmhillte.

Mar fhreagra ar na líomhaintí seo, chuir an Clár tús le comhráití leis na seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime, agus rinne Caighdeáin & Sábháilteacht Othar an FSS iniúchadh ar na seirbhísí uile lena chinntiú go raibh na seirbhísí comhairleoireacht toircheas géarchéime ag cloí le dea-chleachtas, go raibh seirbhísí d'ardcháilíocht á soláthar acu agus go raibh siad ag feidhmiú de réir an dlí.

Fuarthas san iniúchadh go raibh beartais agus treoracha i scríbhinn ann maidir le rúndacht, gearáin, cód cleachtais agus tuairisciú ar líomhaintí mí-úsáid leanaí, ach nach raibh beartais agus treoracha i scríbhinn ann maidir le dearbhú cáilíochta, maoirseacht, agus an tAcht um Fhaisnéis ar Ghinmhilleadh. Moladh sa tuarascáil iniúchóra go bhforbródh na seirbhísí, beartais agus treoracha sonracha do na nithe a luadh agus do thopaicí eile agus go bhforbródh an FSS meicníocht seiceála lena chinntiú gurbh ann do na beartais sin. Tá an obair sin curtha i gcrích ó shin.

D'oibrigh an Clár leis na seirbhísí chun a mbeartais agus a dtreoracha a uasdátú. Tá tús curtha againn, in éineacht leis na seirbhísí, ar chreat cáilíochta féinmheasúnaithe, a bheidh na seirbhísí ar fad á úsáid ó Eanáir 2015. Tabharfaidh sé seo deis do na seirbhísí cuntas a thabhairt ar a gcórais rialaithe agus dúshláin a bhraitheann siad a bheith ann a aithint.

Tá an tuarascáil iniúchóra ar fáil, in éineacht leis na bearta atá curtha i bhfeidhm ag an FSS mar fhreagra ar na moltaí, ar shuíomh gréasáin an FSS.

Cuspóir Straitéiseach 4

Comhoibríocht straitéiseach agus tionchar beartais. Forbairt ar chomhpháirtíochtaí agus ar chomhghuaillíochtaí straitéiseacha a chothú chun rannpháirtíocht, acmhainní agus comhthiomantas maidir le sláinte ghnéis in Éirinn a mhéadú agus toirchis ghéarchéime a laghdú..

Ar na príomhghníomhartha in 2014 bhí:

Comhoibríocht straitéiseach Oideachas, faisnéis agus cumarsáid

Grúpa Oibre Náisiúnta um Chumarsáid Sláinte Ghnéis

I mí Iúil 2014, bhunaigh an Clár an Grúpa Oibre Náisiúnta um Chumarsáid Sláinte Ghnéis chun gníomhaíochtaí cumarsáid sláinte ghnéis a chomhordú idir an FSS agus eagraíochtaí neamhreachtúla lena chinntiú go n-úsáidtear na hacmhainní ar an mbealach is éifeachtúla. Ba iad seo a leanas na baill in 2014: SEIF an Iarthair, VEID Éireann, Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha, Lárionad Sláinte Ghnéis, BelongTo, GOSHH, Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI), Seirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha an FSS, Aonad Cumarsáide Náisiúnta an FSS, agus Clár um Thoirchis Ghéarchéime an FSS. Thacaigh an grúpa oibre le roinnt gníomhaíochtaí in 2014, amhail an Lá Domhanda SEIF, Seachtain Eorpach um Thástáil VEID, an feachtas SpunOut.ie 'Get Tested' agus pleanáil le haghaidh Seachtain um Chomhairle agus Treoir maidir le Sláinte Ghnéis, lena n-airítear tionscnamh tástála GGT píolótach.

Foróige agus Ionad Taighde um Leanaí agus Teaghlaigh Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (EOECNA)

Thionóil an Clár agus Ionad Taighde um Leanaí agus Teaghlaigh EOECNA agus Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Gaillimh seimineár leathlae inar cuireadh ar taispeáint acmhainní chun cabhrú le hoideachas faoi chaidrimh agus faoi ghnéasacht i suíomhanna neamhfhoirmeálta oideachais. Bhí príomhfhócas na himeachta dírithe ar sheoladh na measúnachta neamhspleáiche ar chlár REAL U (Relationships Explored and Life Uncovered) Foróige a rinne Oll.É Gaillimh. Thug an Clár maoiniú chun tús a chur le hoiliúint REAL U d'oibrithe óige in 2014. Seoladh freisin, suíomh gréasáin athfhorbartha an Chláir B4uDecide.ie atá dírithe ar ógánaigh.

Seoladh suíomh gréasáin athfhorbartha B4uDecide.ie ag seimineár leathlae Foróige agus Ionad Taighde um Leanaí agus Teaghlaigh EOECNA agus Oll. É Gaillimh.

Oifigigh um Chur Chun Cinn Sláinte Ghnéis an FSS

Lean an Líonra d'Oifigigh um Chur Chun Cinn Sláinte Ghnéis agus an Clár de chinntiú go ndéantar comhordú ar ghníomhaíochtaí sláinte ghnéis sa FSS agus bhrúigh ar aghaidh an phleanáil le haghaidh cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Shláinte Ghnéis. Tionóladh dhá chruinniú aghaidh ar aghaidh i mí Aibreáin agus i mí na Nollag, agus bhí glaonna míosúla teileachomhdhála idir Bealtaine agus Iúil agus meán Fómhair agus Samhain.

Bhí an obair in 2014 dírithe ar:

1 Aighneacht faoi bhráid na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le Páipéar Comhairliúcháin ar Ghearrchúrsa OSPS
2 Tús a chur le hoiliúint chaighdeánta i gcur chun cinn sláinte ghnéis i ngach limistéar de chuid an FSS.
3 Taighde i gcomhar le tuismitheoirí leanaí 4-9 mbliana d'aois
4 Forbairt ghairmiúil - pornagrafaíocht agus daoine óga
5 Straitéis um shláinte ghnéis agus pleanáil seirbhísí.

An Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS)

Le linn oiliúint inseirbhíse, lean Seirbhís Tacaíochta OSPS na Roinne Oideachais agus Scileanna ar aghaidh le hábhair Acmhainní B4UDecide.ie agus TRUST a chur chun cinn agus a scaipeadh i measc mhúinteoirí dhaltaí na Sraithe Sóisearaí agus Sinsearaí.

Comhairle Náisiúnta na nÓg

Lean an Chomhairle ar aghaidh leis an tionscnamh oideachais B4uDecide.ie a chur chun cinn i suíomhanna obair óige.

Aonad Náisiúnta Cumarsáide an FSS

D'oibrigh an Clár i ndlúthchomhar leis an Aonad chun na feachtais seo a leanas a bhainistiú – 'Think Contraception', 'Roghanna Dearfacha', Iarchúram Ginmhillte agus B4uDecide.ie

Aontas na Mac Léinn in Éirinn (USI)

Lean an Clár ar aghaidh lena chomhpháirtíocht leis an Aontas i ndáil le príomhthionscadail: An tSeachtain um Chomhairle agus Treoir maidir le Sláinte Ghnéis, oiliúint bhliantúil d'Oifigigh Leasa.

SEIF Éireann (Comhaontas SEIF Bhaile Átha Cliath roimhe seo)

Thionscain an Clár comhpháirtíocht le Comhaontas SEIF Éireann chun pacaí cosanta 'Think Contraception' a dháileadh ar dhaoine nach náisiúnaigh Éireannacha iad.

Taighde agus beartas

An Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach (TUSLA)

Lean an Clár dá chomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach ar bhainistiú an chláir taighde Measúnú ar Riachtanais Sláinte Ghnéis agus Oideachas Gnéasach do Dhaoine Óga faoi Chúram in Éirinn (SENYPIC). Is é an taighde seo an chéad taighde dá leithéid ag leibhéal náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus úsáidfear na torthaí chun tacar moltaí inghníomhaithe chun tacú le riachtanais daoine óga faoi chúram altrama nó faoi chúram cónaithe.

Lárionad Faireachais um Chosaint Sláinte an FSS, Seirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha an FSS, Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha (GHN)

Bunaíodh comhpháirtíocht thrasearnálach nua le Lárionad Faireachais um Chosaint Sláinte an FSS, Seirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha an FSS, Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha (GHN) chun Suirbhé Idirlín MSM Éireann (MISI) in 2015 a phleanáil agus a sheoladh. Tá sé mar aidhm leis an suirbhé MSM (Men who have Sex with Men) riachtanais cosc VEID agus sláinte ghnéis na bhfear aerach atá ag cónaí in Éirinn.

Tacaíocht agus forbairt seirbhísí

Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann

Chuaigh an Clár i gcomhpháirt le CLÉ chun modúl nua ríomhfhoghlama a fhorbairt do liachleachtóirí maidir le hIonfhabhtuithe Gnéas-Tarchurtha a bhainistiú i gcúram príomhúil.

Ollscoil Éireann Má Nuad

Lean an Clár de bheith ag comhoibriú le OÉ Má Nuad ar an Teastas i Scileanna Comhairleoireacht Toircheas Géarchéime agus ar shraith máistir-ranganna chun tacú le toircheas neamhphleanáilte.

Tionchar beartais

Aighneacht don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le Páipéar Comhairliúcháin ar Ghearrchúrsa OSPS

D'fhorbair an Clár, i gcomhpháirtíocht le hOifigigh Chur Chun Cinn agus Feabhsúcháin Sláinte Ghnéis an FSS, aighneacht mar fhreagra ar Pháipéar Comhairliúcháin ar Ghearrchúrsa ar leasú Shraith Shóisearaí an Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Leagtar amach san aighneacht roinnt ábhair amhrais maidir le hathruithe atá molta, go háirithe maidir le torthaí foghlama a bhaineann le gnéasacht agus sláinte ghnéis, San aighneacht moltar go gcuirfí tagairtí do thopaicí sláinte ghnéis atá níos sonraí sa ghearrchúrsa, go bhfoilseofaí treoir mhionsonrach chun tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí ceachtanna a fhorbairt atá i gcomhréir leis an gcuraclam nuamholta, agus gur cheart don Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta measúnú a dhéanamh ar riachtanas nua a thabhairt isteach ina sonraítear an méid íosta ama ar cheart a chaitheamh le OSPS i scoileanna a roghnaíonn gan an gearrchúrsa in OSPS a sheachadadh.

Aighneacht ar an gCreat Náisiúnta Nua um Fhéinmharú a Chosc 2015–2018

D'fhorbair an Clár aighneacht mar fhreagra ar Chreat Náisiúnta Nua um Fhéinmharú a Chosc 2015–2018 na hOifige Náisiúnta um Fhéinmharú a Chosc. Ba iad moltaí nua an Chláir gur cheart go léireodh an creat nua na straitéisí ábhartha náisiúnta atá ann cheana féin agus na cláir oibre a bhaineann le feabhsú sláinte agus folláine, ag tabhairt aird ar leith ar thoircheas géarchéime, agus gur cheart cuimhneamh ar naisc a bhunú, faisnéis a chomhroinnt agus bealaí soiléire athtreoraithe a fhorbairt lena chinntiú go soláthrófar leanúnachas cúraim do mhná agus d'fhir a bhféadfadh tacaíochtaí toirchis ghéarchéime agus sláinte intinne a bheith ag teastáil uathu.

Cuspóir Straitéiseach 5

Aistriú eolais agus taighde Bonn taighde ardchaighdeáin a chothú agus feidhmiú an taighde atá ann cheana féin agus an taighde nua a mhéadú trí straitéis chuimsitheach um aistriú faisnéise a dhíríonn go díreach ar fhorbairtí i mbeartas agus i gcleachtas..

Ar na príomhghníomhartha in 2014 bhí:

In 2014, lean an Clár de bheith ag cur lena bhonn fianaise trí threoir, tacaíocht agus maoirseacht a sholáthar do thionscadail choimisiúnaithe taighde, gníomhaíochtaí aistrithe eolais a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus trí thacaíocht agus comhairle thaighdebhunaithe a thabhairt do na feidhmeanna eile laistigh den Chlár agus laistigh den mhórRannóg Sláinte agus Folláine.

Ról lárnach de chuid an Chláir is ea monatóireacht a dhéanamh ar threochtaí iompraíochta a bhaineann lena sainordú, agus leas á bhaint as raon uirlisí agus táscairí tomhais. In 2014, d'fhan ráta na mban a thaistil go dtí an Ríocht Aontaithe chun ginmhilleadh a fháil cothrom i gcomparáid le 2013. Ó 2001 (an bhliain inar bunaíodh an Ghníomhaireacht um Thoirchis Ghéarchéime), tháinig ardú beag ar an líon ban a thug seoladh in Éirinn ag clinicí ginmhillte ó 6,673 go 3,735 in 2014. Tá an ráta in aghaidh 1,000 ban tar éis titim ó 7.5 ban in 2001 go 3.8 ban in 2014.



Tá laghdú tagtha freisin ar an ráta breitheanna i measc máithreacha sna déaga in Éirinn, ó 10 ban in aghaidh 1,000 in 2013 go 9 ban in aghaidh 1,000 in 2014. Tá laghdú 60% tagtha ar líon na mbreitheanna i measc déagóirí ó 2001 i leith. Tá laghdú 71% tagtha ar líon na ndéagóirí a chuaigh thar lear chun ginmhilleadh a fháil sa tréimhse chéanna.



Cur leis an mBonn Fianaise

Tá ról ag an gClár maidir le coimisiúnú dhéanamh ar thionscadail taighde ar ardchaighdeán a bhaineann go díreach le sainordú an Chláir. In 2014, d'oibrigh an Clár i gcomhar le foirne taighde agus le comhpháirtithe gaolmhara sna tionscadail seo a leanas.

Clár taighde Mheasúnú ar Riachtanais Sláinte Ghnéis agus Oideachas Gnéasach do Dhaoine Óga faoi Chúram in Éirinn (SENYPIC).

In 2014 lean an Clár ar aghaidh, i gcomhpháirt le Seirbhísí Leanaí agus Teaghlaigh (TUSLA) le treoir, tacaíocht agus maoirseacht a thabhairt don fhoireann atá ag obair ar chlár taighde SENYPIC. Tá an taighde á dhéanamh ag foireann taighdeoirí faoi cheannas an Ollaimh Abbey Hyde, Scoil Altranais, Córais Chnáimhseachais agus Sláinte, Coláiste na hOllscoile Baile Átha Cliath (COBÁC). Déantar an taighde seo i bpáirt le soláthraithe seirbhísí, cúramóirí altrama, tuismitheoirí breithe agus luathfhágálaithe scoile.

Iniúchadh ar na tosca a choisceann nó a chumasaíonn cumarsáid aoisoiriúnach faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás suas, idir tuismitheoirí agus leanaí óga 4-9 mbliana d'aois.

Lean an Clár d'obair leis an Dr. Catherine Conlon agus Professor Virpi Timonen ó Scoil na hOibre Sóisialta agus an Bheartais Shóisialta, Coláiste na Tríonóide, ar thaighde lena ndéantar iniúchadh ar na tosca a choisceann nó a chumasaíonn cumarsáid aoisoiriúnach faoi chaidrimh, gnéasacht agus fás suas, idir tuismitheoirí agus leanaí óga 4–9 mbliana d'aois. Baineann an taighde seo le grúpaí fócais ina bhfuil thart ar 100 tuismitheoirí leanaí 4-9 mbliana d'aois.Tabharfaidh an t-aschur ón tionscadal eolas don Chlár agus dá chomhpháirtithe faoin dóigh is fearr chun tacú le tuismitheoirí arís eile oideachas caidrimh agus gnéasachta a sholáthar sa bhaile.

Measúnú ar acmhainn oideachais 'If I were Jack' i meánscoileanna

In 2014, mar chuid de chlár PhD Ollscoile na Banríona Béal Feirste, d'oibrigh an Clár le foireann ón Scoil Altranais agus Cnáimhseachais, agus thionscain measúnú ar an acmhainn oideachais 'If I were Jack'. B'fhorbairt bhreise é an acmhainn oideachais seo ar thionscadal taighde a mhaoinigh an Clár ina dearnadh iniúchadh ar dhearcadh na bhfear óg ar thoircheas déagóirí agus ar an tuismitheoireacht. Déanfar an measúnú i roinnt meánscoileanna in Éirinn.

Taighde a úsáideann sonraí réamhbhreithe chun iniúchadh a dhéanamh ar úsáid frithghiniúna agus éifeachtacht frithghiniúna agus toircheas neamhbheartaithe.

In 2012, chuir an Clár maoiniú ar fáil don Ionad um Atáirgeadh Daonna, UCD, lonnaithe in Ospidéal Ollscoile Ban agus Naíonán an Choim, chun taighde a dhéanamh ar shonraí réamhbhreithe othar a bailíodh ó bhreis is 42,000 ban idir 2009 agus 2013. Foilsíodh an chéad alt piar-athbhreithnithe, dar teideal 'A Longitudinal Study of Unplanned Pregnancy in a Maternity Hospital Setting', san *nternational Journal of Gynaecology and Obstetrics* i Samhain 2014. Déantar iniúchadh ann ar úsáid frithghiniúna i ndiaidh toircheas neamhbheartaithe. De réir na dtorthaí tá baol níos mó ann i gcás daoine a bhain toircheas neamhbheartaithe dóibh go mbainfidh an dara ceann dóibh freisin. Tuairiscíodh gurb é ba chúis leis seo ná ráta íseal úsáid frithghiniúnana sa ghrúpa seo i ndiaidh breith linbh.

Taighde a chur i nGníomh

Straitéis um aistriú eolais a fhorbairt do thaighde ar na dearcaí atá ag mná nach náisiúnaigh na hÉireann iad ar sheirbhísí torthúlachta, máithreachais agus sláinte ghnéis in Éirinn

In 2014, d'oibrigh an Clár leis an Dr. Catherine Conlon chun plean scaipidh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm do *Attitudes to Fertility, Sexual Health and Motherhood amongst a Sample of Non-Irish National Minority Ethnic Women Living in Ireland*. Bhain an plean scaipidh le forbairt agus foilsiú achoimre taighde, saotharlanna agus léirithe do spriocphobail thábhachtacha a sheachadadh agus ailt a fhoilsiú i bhfoilseacháin ghairme. Scaipeadh breis is 300 cóip den achoimre taighde ar raon eagraíochtaí, amhail eagraíochtaí sláinte ghnéis, ionaid do dhaoine gan dídean, eagraíochtaí tacaíochta d'imircigh, lárionaid chóireála drugaí agus seirbhísí a thugann tacaíocht do dhaoine óga faoi chúram. Cuireadh cóipeanna den achoimre taighde ar fáil freisin ag roinnt comhdhálacha do ghairmithe cúram sláinte. Seachadadh deich saotharlann in áiteanna éagsúla ar fud na tíre do chleachtóirí gairmiúla lena n-áirítear gairmithe cúram sláinte, oibrithe agus oiliúnóirí sóisialta, oibrithe óige, agus iad siúd a oibríonn le grúpaí imirceach agus iarrthóirí tearmainn agus seirbhísí comhairleoireachta toirchis ghéarchéime. Foilsíodh ailt ar thorthaí agus ar na himpleachtaí don chleachtas i *Forum*, iris arna fhoilsiú ag Coláiste Liachleachtóirí na hÉireann agus an *IPU Review*, arna fhoilsiú ag Aontas Cógaisíochta na hÉireann.

Cur i láthair ag comhdháil idirdhisciplíneach 'Improving Children's Lives'

In 2014, thug an Clár cur i láthair ag comhdháil idirdhisciplíneach in Ollscoil na Banríona Béal Feirste, dar teideal 'Improving Children's Lives'. Tháinig breis is 200 taighdeoirí, déantóirí beartais agus cleachtaitheoirí le chéile ag an imeacht chun machnamh a dhéanamh ar conas is fearr feabhas a chur ar sheirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga. Sa chur i láthair rinneadh iniúchadh ar an mbealach a úsáideadh taighde coimisiúnaithe chun treoir a thabhairt do bheartais agus do chleachtas i réimse caidreamh agus gnéasachta agus conas a rinneadh na feabhsúcháin sa réimse sin a thomhas.

Ollsuirbhéanna a Choimisiúnú agus a Bhainistiú

Déantar sonraí ó ollsuirbhéanna a bhailiú gach bliain chun measúnú a dhéanamh ar a éifeachtaí a bhíonn feachtais an Chláir.

Treoir agus Tacaíocht Taighde

In 2014, thug an Clár tacaíocht taighde do pháirteanna eile den Rannán Sláinte agus Folláine.

Athbhreithniú ar an bhfianaise chun tacú le próiseas pleanála an fhórsa oibre do Chur Chun Cinn agus Feabhsú na Sláinte.

D'ullmhaigh an Clárdoiciméad inar tugadh cuntas ar an bpríomhfhianaise, beartas, agus dea-chleachtas i bpróisis phleanála fórsa oibre. Tacaíonn an doiciméad le réamhphleanáil sa phróiseas.

Suirbhé Foirne Rannóg Sláinte agus Folláine an FSS

In 2014, rinne an Clár anailís ar shonraí a thug foireann na Rannóige Sláinte agus Folláine a bailíodh ag suirbhéanna ag imeachtaí foirne. Rinneadh anailís agus léirléamh ar na torthaí agus cuireadh i láthair na Rannóige Sláinte agus Folláine i bhformáid tuarascála agus achoimre. Úsáideadh na torthaí chun treoir a thabhairt do phleanáil seirbhísí na rannóige do 2015.

Athbhreithniú litríochta a choimisiúnú ar bhreoiteacht fhisiciúil agus ar chomhghalrachtaí i measc daoine óga a bhfuil galar intinne acu agus idirghabhálacha cúram sláinte lena mbaineann

In 2014, thug an Clár tacaíocht agus comhairle leanúnach d'fhaisnéis sláinte an FSS maidir le hathbhreithniú córasach litríochta a choimisiúnú chun iniúchadh agus critic a dhéanamh ar an litríocht fhoilsithe, in Éirinn agus go hidirnáisiúnta, ina ndeantar iniúchadh ar chomhghalraíocht bhreoiteachta fisiciúla i measc daoine óga a bhfuil galar intinne acu chomh maith le hiniúchadh a dhéanamh ar an bhfianaise atá ann cheana ar idirghabhálacha cúram sláinte a dhíríonn ar shláinte choirp na ndaoine a bhfuil galar intinne acu. Bhí ról lárnach ag an gClár maidir le tacaíocht a thabhairt don phróiseas choimisiúnaithe trí chomhairle a thabhairt ar riachtanais an tionscadail, rannpháirtíocht sa doiciméad cuiridh chun tairisceana agus measúnú a dhéanamh ar na moltaí a cuireadh isteach.

Comhairliúchán Poiblí ar Chreat Beartais do Cháilitheacht ar Chárta Leighis

In 2014, thug an Clár tacaíocht agus comhairle do Rannóg Cúraim Phríomúil an FSS maidir le hanailís ar aighneachtaí ón phobal mar chuid de chomhairliúchán poiblí ar chreat nua an rialtais ar cháilitheacht ar chártaí leighis. Cuireadh an comhairliúchán ar bun chun treoir a thabhairt do ghrúpa saineolaithe ar an raon riocht sláinte ar cheart a mheas don scéim nua.

Suirbhé Idirlín MSM Éireann 2015 (MISI 2015)

In 2014,bunaíodh comhpháirtíocht thrasearnálach idir Lárionad Faireachais um Chosaint Sláinte, Seirbhís Sláinte d'Fhir Aeracha, Líonra Sláinte do Dhaoine Aeracha agus an Clár chun suirbhé idirlín ar shláinte ghnéis agus riachtanais maidir le cosc VEID atá ag fir aeracha a mbíonn gnéas acu le fir in Éirinn (MISI 2015). In 2014, bunaíodh an chomhpháirtíocht agus grúpa comhairleach idirnáisiúnta, dearadh ceistneoir, agus fuarthas faomhadh eiticiúil.

Suirbhé Éire Shláintiúil 2014-2015

In 2014, ba é an Clár a rinne ionadaíocht thar ceann na Rannóige Sláinte agus Folláine ar an nGrúpa Comhairleach, a bhunaigh an Roinn Sláinte, chun cur i bhfeidhm suirbhé ar shláinte agus ar fholláine an daonra thar tréimhse trí bliana a phleanáil ina mbeidh léiriú ar an náisiún uile.

Aguisíní

Aguisín 1

Comhaltaí den Ghrúpa Comhairleach

An Dr Anne Marie McGauran, (Cathaoirleach) Anailísí Sinsearach, An Chomhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta

Alison Begas Uas. Príomhfheidhmeannach agus ionadaí Ionad Dea-Shláinte na mBan, Baile Átha Cliath

An tUrr. Daniel Nuzum Ionadaí Easpaig Eaglais na hÉireann

Bridget Collins Uas. Ionadaí Ionad Pavee agus an Lucht Siúil

An Dr Miriam Daly Liachleachtóir agus ionadaí Choláiste Liachleachtóirí na hÉireann

Sherie de Burgh Uas. Stiúrthóir Comhairleoireachta agus ionadaí One Family

Margot Doherty Uas. Príomhfheidmeannach Tánaisteach agus ionadaí Treoir, an Chónaidhm Náisiúnta Seirbhísí do Thuismitheoirí Neamhphósta agus dá Leanaí.

Louise Graham Uas. Comhordaitheoir Náisiúnta agus ionadaí CURA

Marie Naughton Uas. Ionadaí Chomhairle Gniomhaireachtaí Uchtála Éireann

Ailish O'Neill Uas. Ionadaí Chomhairle Náisiúnta na nÓg

Margaret O'Driscoll Uas, Ionadaí Chomhdháil Easpagóideach na hÉireann

An Dr. Venita Broderick, Ionadaí Institiúid Obstatraice agus Gínéiceolaíocht

Greg O'Donoghue Uas. Oifigeach Leasa agus ionadaí Aontas na Mac Léinn

Rose Tully Uas. Ionadaí Chomhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí - Iar-Bhunscoileanna